**Codáin**

**Cóimheas**

| **Gné** | **i**<br>**An foghlaimeoir** | **j**<br>**An foghlaimeoir** | **k**<br>**An foghlaimeoir** |
|---|---|---|---|
| **Tuiscint agus Ceangal** | Baineann sé úsáid as cóimheas chun dhá chainníocht a chur i gcomparáid lena chéile. | Ceanglaíonn sé cóimheasa le codáin chainníochta. | Baineann sé úsáid as cóimheasa chun trí chainníocht a chur i gcomparáid lena chéile.<br><br>Aimsíonn sé cóimheasa comhionanna agus simplíonn sé cóimheasa. |

https://www.curriculumonline.ie/getmedia/fdadae23-14fd-49e9-ba96-d1c11c0f847b/GA_PMC_PC12_Uimhreas_Codain.pdf

**Rúibric Anailíseach chun Smaoineamh ar Chóimheas**

Cuireann an rúibric anailíseach seo creat ar fáil chun measúnú a dhéanamh ar thuiscint an dalta ar choincheap an chóimheasa.


| **Catagóir** | **Critéir** | **Tuairimí** |
|---|---|---|
| ***Cad é a chiallaíonn an téarma "cóimheas" dar leat féin?***<br><br>*Tugtar dhá athróg ar leith le tuiscint: Comparáid & Gaol* | I. Tugann an dalta samplaí seachas sainmhíniú coincheapúil.<br>II. Tuigeann sé gur cóimheas atá ann nuair a fheiceann sé é ach níl sé in ann é a mhíniú m.sh. Nuair atá trí óráiste agus dhá úll agat, sin cóimheas trí le dó. | |


| | | |
|---|---|---|
| | III. Tugann sé sainmhínithe páirt-iomlána (codáin) seachas comparáid nó gaol idir dhá athróg ar leith.<br>IV. Tá sé ceart ó thaobh matamaitice de. Aithníonn sé gaol idir dhá athróg nó déanann sé comparáid idir dhá athróg ar bhealach éigin. | |
| ***Cén uair a úsáideann tú cóimheasa?***<br><br>*Féachaint ar a úsáid mar ghné inmhianaithe tuisceana.*<br>*Cuireann foghlaimeoirí rud éigin ina saol féin i gcomparáid ag baint úsáid as cóimheasa.* | I. Tugann an dalta freagra atá teoranta do chomhthéacs na scoile m.sh. sa seomra ranga matamaitice.<br>II. Tugann sé sampla laethúil amháin m.sh. d'úsáid mé é nuair a bhácáil mé císte.<br>III. Tugann sé sampla laethúil agus leathnaíonn sé air m.sh. úsáidim é nuair a bhíonn císte á bhácáil agam, úsáidim cupán plúir amháin chun ....<br>IV. Tugann sé sampla laethúil ag baint úsáid as comhthéacsanna matamaiticiúla. Ráta, Scála, Dochúlacht, Cion, Roinnt / Scaradh, Céatadán | . |
| ***Cé eile a úsáideann cóimheasa?*** | I. Tugann an dalta sampla ó chomhthéacs na scoile m.sh. múinteoir<br>II. Duine amháin m.sh. eolaí<br>III. Níos mó ná duine amháin agus lasmuigh den scoil m.sh. eolaí, dochtúir | |


| | | |
|---|---|---|
| | IV. Samplaí mionsonraithe de na daoine a úsáideann cóimheasa agus conas a úsáidtear iad | |
| ***Conas a léiríonn tú cóimheas le siombailí matamaiticiúla?*** | I. Idirstad :<br>II. Nodaireacht chodánach m.sh. x/y<br>III. Dhá léiriú chearta<br>IV. Níos mó ná dhá léiriú | |
| ***Cad iad na léirithe – líníochtaí, cairteacha, graif, focail, agus mar sin de – a d'fhéadfá a chur ar fáil chun a thaispeáint conas a úsáidtear cóimheasa?*** | I. Léiriú amháin<br>II. Dhá léiriú nó níos mó ón gcatagóir chéanna<br>III. Dhá léiriú nó níos mó ó dhá chatagóir éagsúla<br>IV. Léiriú ó thrí chatagóir éagsúla nó níos mó | |


**Réitigh na ndaltaí**

***Léirithe pictiúrtha a thaispeánann dhá athróg: cairteacha agus graif, agus líníochtaí***









4. What representations – drawings, charts, graphs, words, and so forth – might you provide to illustrate how ratio is used? *Present your ideas here and/or overleaf as you wish.*



4. What representations – drawings, charts, graphs, words, and so forth – might you provide to illustrate how ratio is used? *Present your ideas here and/or overleaf as you wish.*


***Léirithe pictiúrtha <u>nach</u> léiríonn go soiléir dhá athróg: cairt agus líníocht***


4. What representations – drawings, charts, graphs, words, and so forth – might you provide to illustrate how ratio is used? *Present your ideas here and/or overleaf as you wish.*



4. What representations – drawings, charts, graphs, words, and so forth – might you provide to illustrate how ratio is used? *Present your ideas here and/or overleaf as you wish.*